**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú an fhocalmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh "DEUTZER HAFEN" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 316 145

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 24 Lúnasa 2022 i gCás R 2195/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(c) i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar phrionsabail na córa comhionainne.

---

**Caingean arna tabhairt an 27 Deireadh Fómhair 2022 – moderne Stadt v EUIPO (DEUTZER HAFEN KÖLN)**

**(Cás T-657/22)**

(2022/C 472/56)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarraasóir*: moderne Stadt Gesellschaft zur Förderung des Städtebaues und der Gemeindeentwicklung mbH (Köln, an Ghearmáin) (Ionadaithe: G. Simon agus L. Daams, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú an fhocalmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh "DEUTZER HAFEN KÖLN" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 401 434

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 24 Lúnasa 2022 i gCás R 2196/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(c) i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar phrionsabail na córa comhionainne.

---

## Caingean arna tabhairt an 1 Samhain 2022 – SkinIdent v EUIPO – Beiersdorf (NIVEA SKIN-IDENTICAL Q10)

**(Cás T-665/22)**

(2022/C 472/57)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* SkinIdent AG (Freienbach, an Eilvéis) (Ionadaí: U. Hildebrandt, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Beiersdorf AG (Hamburg, an Ghearmáin)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "NIVEA SKIN-IDENTICAL Q10" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 041 739

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcúigiú Bhord Achomhairc de EUIPO an 18 Lúnasa 2022 i gCás R 1499/2021-5

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An cinneadh atá faoi chonspóid agus an cinneadh ón Rannán Freasúra an 1 Iúil 2021 i gCás B 3 091 527 a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

### Saincheisteanna dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

## Caingean arna tabhairt an 2 Samhain 2022 – United Shipping Group v EUIPO – Baulies Gómez (UNITED WIND LOGISTICS)

**(Cás T-666/22)**

(2022/C 472/58)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* United Shipping Group Gmbh & Co. KG (Hamburg, an Ghearmáin) (Ionadaí: J. Bornholdt, Dlíodóir)